**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Sainchesiteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 27(3)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1430 ón gCoimisiún.

— Sárú ar Airteagal 60(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 4 Aibreán 2022 – FA World Entertainment v EUIPO (FUCKING AWESOME)**

**(Cás T-178/22)**

(2022/C 207/71)

*Teanga an cháis: an Bhéarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: FA World Entertainment Inc. (Los Angeles, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: M. Breuer, I. Dimitrov agus C. Tenbrock, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist*: Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an bhfocalmharc "FUCKING AWESOME" – Iarratas ar chlárú Uimh. 1 564 573

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 3 Feabhra 2022 i gCás R 1131/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a dhíbh sé an chaingean os comhair an Bhoird Achomhairc, . i. a mhéid a rinne an Bord Achomhairc toimhde go ndearnadh sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— a ordú do EUIPO íoc as na costais.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar phrionsabail ghinearálta na deimhneachta dlíthiúla, na córa comhionainne agus an riaracháin fhónta.

---

**Caingean arna taisceadh an 5 Aibreán 2022 – Farco-Pharma v EUIPO – Infarco (FARCO)**

**(Cás T-179/22)**

(2022/C 207/72)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Farco-Pharma GmbH (Köln, an Ghearmáin) (ionadaí: V. Schoene, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Infarco SA (Maidrid, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir:* An t-iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "FARCO" agus dath dearg, bán agus dubh air – Iarratas Uimh. 17 838 178

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 17 Eanáir 2022 i gCás R 172/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid, inar dheimhnigh an Bord Achomhairc gur éirigh le cur i gcoinne B 3 054 342 in aghaidh mharc fíortha Uimh. 17 838 178, a chur ar neamhní agus an cás a tharchur ar ais chuig EUIPO i gcomhair athscrúdú.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 11 Aibreán 2022 – Eggers & Franke v EUIPO – E. & J. Gallo Winery (EF)

## (Cás T-183/22)

(2022/C 207/73)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Eggers & Franke Holding GmbH (Bremen, an Ghearmáin) (ionadaithe: A. Ebert-Weidenfeller agus H. Förster, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* E. & J. Gallo Winery (Modesto, California, na Stáit Aontaithe)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha an Aontais Eorpaigh "EF" – Iarratas ar chlárú Uimh. 17 927 894

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 4 Feabhra 2022 i gCás R 729/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus i gcás idiragartha freisin don idiragraí na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

---